

# Seans – Moltaí don timpeallacht foghlama

## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Cruthaigh líne dhóchúlachta ag baint úsáid as téad, pictiúir agus pionnaí éadaigh le himeachtaí a chur in ord ó dodhéanta go cinnte.
- Cuir díospóireacht siúil ar bun le plé agus anailís a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh imeachtaí éagsúla, m.sh., an bua sa Chorn Domhanda a bheith ag Éirinn. An dócha é? Neamhdhóchúil? Indéanta nó dodhéanta?
- Cruthaigh meascáin de rudaí, m.sh., ciúbanna agus/nó cnaipí, inarb iad torthaí cinnte na torthaí is dóichí - m.sh., mála ciúbanna de dheich gciúb agus sé cinn díobh dearg agus dá bhrí sin, is dóichí go dtarraingíonn tú amach ceann dearg go randamach
- Tá ceithre bhlas le fáil i siopa uachtar reoite - léirigh na torthaí féideartha ar fad má cheannaíonn tú cón dhá scúp
- Dear agus déan rothaí ag baint úsáid as fáiscíní páipéir le critéir faoi leith a bhaint amach, mar shampla, seans cothrom go stopfaidh an roth ar dhearg nó ar ghorm, roth cúig dhath a mbaineann dóchúlacht 25% leis go stopfaidh sé ar bhuí
- Bain úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach ar nós rothaí idirghníomhacha le trialacha a bhfuil uimhreacha móra i gceist leo a chur ar bun
- Bain úsáid as stór focal a bhaineann le Seans i réimsí eile curaclaim go rialta
- Taispeáin an stór focal ábhartha ar bhalla focal agus tagair dó go rialta



## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA




Bain úsáid as aipeanna aimsire le tuartha a dhéanamh faoin aimsir. Conas a oibríonn foláirimh aimsire? An mbíonn siad cruinn i gcónaí? Cé a bhraithfeadh ar thuartha aimsire agus cén fáth?

Sa rang spóirt, spreag páistí le hanailís a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbeidh torthaí faoi leith ann, m.sh., mála pónairí a chaitheamh isteach i mbuicéad. Cad iad na gnéithe a imríonn tionchar ar thoradh an ghnímh?

Vótáil i dtoghcháin – nuair a bhíonn toghcháin ar bun, breathnaigh ar phóstaeir na n-iarrthóirí áitiúla agus scrúdaigh pobalbhreitheanna le dóchúlacht toradh faoi leith a dhearbhú

Torthaí spóirt – cad é an dóchúlacht go mbuafaidh foireann faoi leith cluiche nó comórtas? Scrúdaigh grúpa ceithre fhoireann i gComórtas Corn Domhanda agus anailísigh na torthaí ar fad ó chéimeanna na ngrúpaí. Cén toradh is dóichí agus cén fáth? Léirigh na torthaí ag baint úsáid as léaráid chrainn



Taispeáin mír físe ón seó cluichí Deal or No Deal. Déan plé ar an mbealach a n-oibríonn an cluiche agus ar an seans atá ann an pota óir a bhuachan. Cuir bréagchluiche ar bun nó imir cluiche ar líne - déan plé ar straitéis a dhíríonn ar an dóchúlacht a bhaineann le torthaí faoi leith



Forbraíodh i gcomhar le **Ann Hogan**